# Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Press Statement
Preas Ráiteas

### Daonáireamh 2006 – Imleabhar 13 – Creideamh

**Moslamaigh anois mar thríú ghrúpa creidimh is mó**

I mí an Aibreáin 2006 dúirt 32,500 daoine go mbaineann siad leis an gcreideamh Ioslamach, sin ardú de bheagnach 70% i gcomparáid leis an mbliain 2002 agus leanúint ar an bhfás a tugadh faoi deara idir 1991 agus 2002. Faoi láthair is iad na Moslamaigh an tríú ghrúpa creidimh is mó sa Stát, i ndiaidh Caitlicigh agus Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh). Bhí beagainín sa bhreis ar 55% de na Moslamaigh ina náisiúnaigh Afraiceacha nó Áiseacha agus 30.7% díobh le náisiúntacht Éireannach.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2006 Imleabhar 13 – Creideamh, a thugann tuilleadh mionsonraí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc seo na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir creidimh do na ranna tíre sonraithe sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

**Ceangail láidir idir náisiúntacht agus creideamh**

Caitlicigh a bhí i níos mó ná 90% de na náisiúnaigh Éireannacha, Polannacha agus Máltacha a bhí sa Stát Oíche an Daonáirimh, rud a léiríonn ceangal idir náisiúntachtaí áirid agus creidimh. I measc na náisiúnach a bhí ina gCaitlicigh don chuid ba mhó bhí daoine ó na hOileáin Fhilipíneacha (84.4%), Liotuánaigh (82.4%) agus Iodálaigh (79.1%). Moslamaigh a bhí i 97.3% de na náisiúnaigh ón bPacastáin agus ba leis an gCeartchreideamh a bhain formhór na náisiúnach Gréagach agus ón gCipir (70.1% agus 66.7% faoi seach). Ní raibh aon chreideamh ag trí cheathrú de na náisiúnaigh Síneacha agus ag 58.2% de náisiúnaigh Seiceacha.

**Gníomhaíochtaí deonacha níos airde i measc Críostaithe neamh-Caitliceacha**

Bhí an ráta rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí deonacha ag Críostaithe neamh-Caitliceacha i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta. Ghlac duine as gach ceathrar Modhach agus duine as gach cúigear in Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) agus Preispitéirigh páirt in obair dheonach i gcomparáid le duine as gach seisear Caitliceach.

Den 544,000 daoine a raibh baint acu le gníomhachtaí deonacha rinne 140,000 (25.7%) obair dheonach le grúpa cráifeach nó eaglais.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Formhór de lucht leanúnaí an Cheartchreidimh agus na Moslamach ina gcónaí i gceantair uirbeacha**

Cuireadh 94.2% de Mhoslamaigh agus 91.6% de lucht leanúna an Cheartchreidimh san áireamh i gceantair uirbeacha, i gcomparáid le 60.7% den daonra ina iomlán. Ar an taobh eile den scála, ba ag na creidimh seo a leanas a bhí na céatadáin ab airde dá lucht leanúna ag cur futhu faoin tuath: Preispitéirigh (48.4% tuaithe) agus Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) le 47.1% den lucht leanúna i gceantair tuaithe.

De na bailte le daonra de 5,000 agus níos mó, bhí an céatadán ab airde de Mhoslamaigh i gCabhán agus i gCill Airne le 3.2% agus 3.0% faoi seach. Ba sna Clocháin Liatha a bhí an céatadán ab airde (9.8%) de mhuintir Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) le Cill Mhantáin (5.3%) agus Mullach Íde (4.7%).

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de shonraí ó Imleabhair 1-6, 9 agus 13 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá figiúirí maidir le creideamh ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 13, atá á fhoilsiú inniu.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil go hidirghníomhach ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie).

**Le cóipeanna den fhoilseachán a fháil téigh i dteagmháil le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

## Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le Shaun McLaughlin (895 1474) nó le Deirdre Cullen (895 1334).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin an Daonáirimh | (01) 895 1460/61/63/66 |
| Facs: | (01) 895 1399 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | www.cso.ie |


*An Phríomh-Oifig Staidrimh* *29 Samhain 2007*

**– CRÍOCH –**